Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2025
(OR. en)

7847/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0055(NLE)**

ACP 20
WTO 24
RELEX 430
COASI 48

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú ó Pharlaimint na hEorpa an [dáta].

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Meitheamh 2002, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le tús a chur le caibidlíocht i leith Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche le hEagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

(2) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[2] ('an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach') an 30 Iúil 2009 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 20 Nollaig 2009 ann i gcomhréir le Cinneadh 2009/729/CE ón gComhairle[3]. Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach á chur i bhfeidhm go sealadach ag Nua-Ghuine Phapua ó bhí an 20 Nollaig 2009 ann agus ag Poblacht Fhidsí ó bhí an 28 Iúil 2014 ann.

(3) Leagtar síos le hAirteagal 80 den Chomhaontú na forálacha maidir le haontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin. Dá réir sin, d'aontaigh Samó agus Oileáin Sholomón don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach acu ó bhí an 31 Nollaig 2018 agus an 17 Bealtaine 2020 ann, faoi seach.

(4) Chuir Vanuatú iarraidh ar aontachas in éineacht le tairiscint maidir le rochtain ar an margadh faoi bhráid an Aontais an 10 Iúil 2024.

---

[2] IO L 272, 16.10.2009, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2009/729/oj.

[3] Cinneadh 2009/729/CE ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eatramhaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 272, 16.10.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/729/oj).

(5) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar thairiscint Vanuatú agus measann sé go bhfuil sí inghlactha. Dá réir sin, thug an Coimisiún an chaibidlíocht le Vanuatú i gcrích an 7 Lúnasa 2024.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 76(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, tá an tAontas agus Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a chur chun feidhme go sealadach 10 lá tar éis dóibh fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích.

(7) Ba cheart aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a fhormheas, faoi réir Vanuatú an ionstraim aontachais a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 80(2) de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Déantar aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (an 'Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach') a fhormheas leis seo thar ceann an Aontais, faoi réir Vanuatú an ionstraim aontachais a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 80(2) de.

2. Tá téacs na tairisceana maidir le rochtain ar an margadh ó Vanuatú i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Cuirfidh an tAontas agus Vanuatú an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach i bhfeidhm go sealadach 10 lá tar éis dóibh fógra a thabhairt dá chéile i scríbhinn go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích acu i gcomhréir le hAirteagal 76(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

*Airteagal 3*

Ní fhorléireofar formheas aontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna nó bhinsí an Aontais nó na mBallstát.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*